Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0390(NLE)**

9028/22
ADD 1 REV 1

JUSTCIV 66
AGRI 185
IND 166
ENER 167

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14831/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle i ndáil leis an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála ('Prótacal MAC') a shíniú thar ceann an Aontais<br>- Glacadh<br>- Ráiteas ón gCoimisiún arna dhéanamh le linn chruinniú Coreper an 25 Bealtaine 2022 |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

'An Cinneadh a bhaineann le síniú an Phrótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (Prótacal MAC), thar cheann an Aontais Eorpaigh, ba cheart a léiriú ann gurb é an Coimisiún atá freagrach as an duine, nó na daoine, a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige, nó acu, é a shíniú thar ceann an Aontais. Dá bhrí sin, an t-athrú ar Airteagal 2 a léiríonn gurb é Uachtarán na Comhairle atá freagrach as an ainmniú sin, níl sé i gcomhréir leis na Conarthaí.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é an duine, nó na daoine, a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige, nó acu, comhaontú idirnáisiúnta a shíniú thar ceann an Aontais, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht maidir le cleachtais chomhsheasmhacha ag institiúidí an Aontais nach bhfuil i gcomhréir le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, ‘nach féidir leis na cleachtais sin rialacha na gConarthaí a athrú, ar rialacha iad a bhfuil sé d’oibleagáid ar na hinstitiúidí a urramú’ (Cás C-687/15 an Coimisiún v an Chomhairle, AE:C:2017:803, mír 42).

Cé nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne na Comhairle maidir le glacadh an leasaithe le vótáil trí thromlach cáilithe, coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.’